



FIGURE 2.39 THE KISS (*An Phóg*), Rowan Gillespie, Baile Átha Cliath



FIGURE 2.41 THE BLACKROCK DOLMEN (*Dolmain na Carraige Duibhe*), Rowan Gillespie, Baile Átha Cliath



FIGURE 2.40 AN PHÓG, íomhá gar-amhairc



FIGURE 2.42 ASPIRATION (*Ag Dréim*), Rowan Gillespie, Foirgneamh an Chisteáin, Baile Átha Cliath



FIOR 2.43 BIRDY (*Éinín*), Rowan Gillespie, Baile Átha Cliath

Tá saothar eile le Gillespie i gCaiseal, *Cashel Dancers* (*Rinceoirí Chaisil*) (fíor 2.44). Tá an oiread beochta agus meidhre le feiceáil sna rinceoirí go gcloisfeá an ceolle féachaint air. Tá saothair eile leis i Sligeach (*W.B. Yeats*) agus i gcathair Luimnigh (*The Singer/An tAmhránaí*) (fíor 2.45).



FIOR 2.44 DANCERS (*Rinceoirí*), Rowan Gillespie, Caiséal, Co. Thiobraid Árann



FIOR 2.45 THE SINGER (*An tAmhránaí*), Rowan Gillespie, Luimnigh

### Gorta

Is é *Famine* (*Gorta*) (fíor 2.46) an saothar is cáiliúla de chuid Gillespie gan amhras ar bith. Tá sé suite ar Ché Theach an Chustaim i mBaile Átha Cliath. Ba í Norma Smurfit a choimisiúnaigh agus a bhronn ar chathair Bhaile Átha Cliath é in 1997. Rinneadh an saothar i gcuimhne ar an nGorta Mór sa 19ú haois agus tá sé tiomnaithe do phobal na hÉireann arbh éigean dóibh dul ar imirce lena linn.

### Íomha d'ainnise an duine

Is saothar corraitheach é agus tarraingíonn sé aird ar bhochtaineacht ar fud an domhain sa lá atá inniu ann chomh maith leis an Gorta Mór in Éirinn sna 1840idí. Tá na fíoracha chomh mór le duine ach tá cuma níos mó orthu de dheasca iad a bheith chomh caite seargtha. Is féidir scéal a shamhlú le gach dealbh de chuid Gillespie nach mór, ach thar dhealbh ar bith eile, shamhlófá scéal ainnise agus anachana le gach duine de na cliathramáin bhochta chaite seo. Ba dheacair do dhuine dul thar an saothar seo ach go mbainfí bogadh as a chroí le trua faoina gcruachás.

Tá coiscéim mhall leo agus iad ag siúl go fadálach go dtí na longa imirce. Tá a súile thiar ina gceann acu agus na beartáin atá á bhfáscadh lena n-ucht acu, tá siad an-bheag ar fad





**FÍOR 2.46 FAMINE (Gorta), Rowan Gillespie, Cé Theach an Chustaim, Baile Átha Cliath**

(fíor 2.47, fíor 2.48). Tá fear amháin ag iompar leanbh fannlag ar a ghualainn. Tá bean ar chúl ag siúl go tuisleach agus tá a lámha síos léi gan bhrí.

Tá nasc idir na daoine toisc na hainnise a bhaineann leo ar fad, ach tá cuma aonarach uaigneach ar gach duine díobh. Tá madra truánta clamhach (fíor 2.48) ag féachaint orthu agus iad ag dul thairis, rud a chuireann le trua an radhairc.



**FÍOR 2.47 GORTA, íomhá gar-amhairc**



**FÍOR 2.48 GORTA, íomhá gar-amhairc**

I Meitheamh 2007 nocht an tUachtarán Máire Mhíc Giolla Íosa sraith eile de dhealbha gorta le Rowan Gillespie ar an gcé i bPáirc na hÉireann, Toronto (fíor 2.49). Tá na dealbha sin chomh truacánta céanna agus rinneadh iad i gcuimhne ar na daoine bochta dearóile sin a tháinig i dtír i gCeanada i ndiaidh imeacht as a dtír féin.

### **Forógra**

Rinne Gillespie saothar teibí coincheapúil le déanaí a dtugtar *Proclamation (Forógra)* air (fíor 2.50). I gcuimhne ar Fhorógra Phoblacht na hÉireann a rinne sé an saothar agus ar a sheanathair a bhí ina bhreitheamh san Ard-Chúirt agus ina bhall d'Óglaigh na hÉireann. Tá sé suite trasna an bhóthair ó Phríosún Chill Mhaighneann. Is é atá ann, ceithre fhíor déag agus iad i gciorcal faoi mar a bheadh liagchiorcal meigiliteach ann. Ina lár tá plaic chré-umha a bhfuil briathra an Fhorógra greanta uirthi. Tá ainm an duine, an bhreith a thug binse míleata na Breataine air agus an ráiteas inar daoradh chun báis é greanta ar phlaic bheag ag bun gach deilbhe. Tá na dealbha pollta le poill philéar, mar dhea.



**FIOR 2.49 MIGRANTS** (*Imirceigh*), Rowan Gillespie, Páirc na hÉireann, Toronto, Ceanada

#### Solas frithchaitheach

Níl lámha ná cosa ar na dealbha (fíor 2.51). Tá púicíní orthu agus tá siad cruinnithe le chéile, faoi mar a bhí nuair a cuireadh chun báis iad. Ní hé nach bhfuil ábhar spéise iontu, afach. Cuireadh snas ar an gcré-umha agus tá dreach mhín air a chuireann an solas ag léim ó dhealbh go dealbh, faoi mar a bhíodh smaointe ag dul ó dhuine go duine eatarthu. Dar le Gillespie féin, is leacht é *Forógra* i gcuimhne ar na daoine a fuair bás chun cor a chur i gcinníúint na hÉireann agus chun go spreagfaí muintir na hÉireann chun a gcinníúint féin a stiúradh.

#### Edward Delaney

I mí Dheireadh Fómhair 2009, trí seachtaine i ndiaidh a bháis, cuireadh dealbh chré-umha le hEdward Delaney, *King & Queen* (*Rí agus Banríon*) ar ceant ag Adam's, teach ceantála le haghaidh na mín-ealaíon i mBaile Átha Cliath. Tugadh €190,000 ar an dealbh, an praghas ba mhó a tugadh ar dhealbh Éireannach riamh. Rugadh Edward Delaney i gClár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo in 1930 agus bhain sé clú amach mar dhuine de na dealbhóirí Éireannacha ba thábhachtaí sa dara leath den 20ú haois.



**FIOR 2.50 PROCLAMATION** (*Forógra*), Rowan Gillespie, Baile Átha Cliath

#### Dealbha i mBaile Átha Cliath

Bhí an-éileamh ar Delaney mar ealaíontóir i rith na 1960idí agus go luath sna 1970idí. I measc na saothar poiblí leis a choimisiúnaigh rialtas na hÉireann tá dealbh de Wolfe Tone (fíor 2.52), leac cuimhneacháin ar an nGorta Mór (fíor 2.53) i bhFaiche Stiabhna i mBaile Átha Cliath, agus dealbh de Thomas Davis i bhFaiche an Choláiste trasna ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



**FIOR 2.51 FORÓGRA**, íomhá gar-amhairc





Fíor 2.52 WOLFE TONE, Edward Delaney, Baile Átha Cliath

De réir phróiseas na céarach cailte (*cire perdue*) a teilgeadh na dealbha sin. D'fhorbair Delaney a stíl leithleach féin i rith na 1950idí agus na 1960idí bunaithe ar an eispriseanachas nua-aimseartha, agus is í sin an stíl atá sna dealbha sin. Fíoracha íostacha is ea iad agus níl i gcuid acu ach creatlach duine.

44



Fíor 2.53 MEMORIAL SCULPTURE TO THE GREAT FAMINE (*Dealbh Chuimhneacháin ar an nGorta Mór*), Edward Delaney, Baile Átha Cliath

Deirtear gurb é an tUileloscadh agus an Gorta Mór chomh maith le saothair de chuid Alberto Giacometti (1901 – 66) is mó a spreag Delaney.

D'fhreastail Edward Delaney ar an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha i mBaile Átha Cliath agus ansin rinne sé staidéar ar mhúnlú cré-umha sa Ghearmáin le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

#### An Ghearmáin sa tréimhse iarchogaidh

Nuair a caitheadh súil siar ar shaothar cré-umha Delaney i dtaispeántas in 2004, scríobh Peter Murray an cur síos seo a leanas san *Irish Arts Review*:

Chuaigh bochtaineacht na Gearmáine i bhfeidhm go mór ar an ealaíontóir, agus tá a lorg sin le feiceáil in íomhánna loma na saothar a rinne sé in Éirinn ina dhiaidh sin. Bhí cur chuige dúchasach aige nach raibh aon éirí in airde ann. Ón gcúlra tuaithe a bhí aige a tháinig an cur chuige sin, áit ar mhair an Gorta Mór fós i gcuimhne na ndaoine. Ach is é an bua a bhí aige ná gur éirigh leis é sin a shníomh le chéile le hanáil na dubhimní a bhí chun tosaigh go mór i gcultúr iarchogaidh na Gearmáine.

Go dtí deireadh na 1970idí, chleacht Delaney réimse leathan de stíleanna dealbhóireachta, cuid acu a bhí macasamhlach agus cuid acu a bhí go hiomlán teibí. Bhí bá ar leith aige lena ábhar agus bhí aird ar leith aige ar an uigeacht. Mar go raibh a chuid dealbh teibí ar shlí eispriseanach, bhí nádúrachas agus cothromaíocht iontu, rud a léirigh dóchas nua na linne as an stát.

Bhí an t-ealaíontóir ag cur faoi ar an gCeathrú Rua, Contae na Gaillimhe i mblianta deireanacha a shaoil. Is féidir roinnt mhaith dá shaothar a fheiceáil i bPáirc na nDealbh Faoin Aer ar an gCeathrú Rua.

#### Oisín Kelly

Tá Oisín Kelly ar dhuine de na dealbhóirí is cáiliúla in Éirinn. Chleacht sé idir stíleanna réalaiócha agus stíleanna teibí agus bhíodh sé ag plé le coincheapa dúchasacha a bhaineann le hÉirinn agus le cultúr na hÉireann. Dhéanadh sé léiriú báuil tuisceanach ar chuspá a chuid dealbh, rud atá le feiceáil go mór mór sna dealbha a rinne sé d'éin agus d'ainmhithe, agus dar ndóigh, sna dealbha de dhaoine. Bíonn greann caolchúiseach i saothar Kelly uaireanta agus má tá meas á léiriú ina chuid saothar reiligiúnach, ní bhíonn maoithneas iontu.

#### Clann Lir

Is é an saothar poiblí is mó de chuid Kelly ná *The Children of Lir* (*Clann Lir*) (fíor 2.54). Is saothar cré-umha é a cuireadh i nGaírdín an Chuimhneacháin i gCearnóg Parnell, Baile Átha Cliath in 1970. Roghnaigh sé téama a sheasfadh go siombalach don athrú ollmhór a tháinig ar Éirinn de dheasca Éirí Amach na Cásca i mBaile Átha Cliath, agus de dheasca Chogadh na





**Fíor 2.54** The CHILDREN OF LIR (*Clann Lir*), Oisín Kelly, Baile Átha Cliath

Saoirse a tháinig ina dhiaidh. Is é an téama atá ann ná leanaí a ndearnadh ealaí díobh. B'fhéidir go n-oirfeadh saothar níos teibí don téama, mar go bhfuil an téama féin an-teibí, ach chinn Kelly gan saothar teibí a dhéanamh ar eagla nach nglacfaidh an pobal leis. Teilgeadh an grúpa ilchasta dealbh as cré-umha san Iodáil in 1970.

#### Pearsana de chuid Bhaile Átha Cliath

Dealbh cré-umha de ghnáthphearsaí de chuid Bhaile Átha Cliath is ea *Two Working Men* (*Beirt Fhear Oibre*) le Kelly (fíor 2.55, fíor 2.56). Ní hionann iad agus Clann Lir mar go ndearnadh léiriú orthu atá réaltaíoch ach simplíthe. Beartaíodh go mbeadh an saothar suite lasmuigh de Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath. Ag an am, bhí an foirgneamh sin ar an gceann ab airde in Éirinn agus ba é ceanncheathrú an cheardchumainn SIPTU é. Bhraith lucht SIPTU go mb'fhéidir go dtarlódh timpiste de bharr tiománaithe a bheith ag féachaint ar an dealbh agus níor thug siad cead go gcuirfí an dealbh ann. Aistríodh an dealbh go Corcaigh ina dhiaidh sin in 1969 agus cuireadh lasmuigh de Halla an Chontae í. Chuaigh sé

**Fíor 2.56** BEIRT FHEAR OIBRE, íomhá gar-amhairc



**Fíor 2.55** TWO WORKING MEN (*Beirt Fhear Oibre*), Oisín Kelly, Co. Chorcaí





**Fíor 2.57** Foirgneamh  
S.H.A.R.E, Sráid Grattan,  
Co. Chorcaí



**Fíor 2.58** Foirgneamh  
S.H.A.R.E, Sráid Grattan  
— Fuinneoga Daite,  
James Scanlon

i bhfeidhm ar an bpobal láithreach. Tá greann tur ann faoi mar atá i muintir Chorcaí; tá an chuma ar an mbeirt nár imigh airde an fhoirgnimh nua i bhfeidhm orthu ar chor ar bith. Rinneadh an foirgneamh nua as coinceit agus gloine agus bhí sé ansin ar an bhfoirgneamh ab airde in Éirinn mar go raibh sé ní b'airde ná Halla na Saoirse. Ba é an ailtire Desmond Rea O'Kelly a dhear Halla na Saoirse agus in 2007 mhachnaigh sé ar an deis a bhí caillte. Dúirt sé go raibh aiféala air nár cuireadh an dealbh bhreá úd le hOisín Kelly lasmuigh de Halla na Saoirse.

## Corcaigh

Ba í Comhairle Cathrach Chorcaí an chéad údarás áitiúil a bhain leas iomlán as an scéim Aon Faoin gCéad don Ealaín i dtús ama. In 1986 bhí ailtire na cathrach, Neil Hegarty, i gceannas ar athchóiriú agus athnuachan scéimeanna éagsúla tithíochta i gCorcaigh. Bhí suim aige sa chuid sin de na scéimeanna a bhain leis an athnuachan uirbeach agus thuig sé go raibh deis ann roinnt tionscadail shamhlaíocha ealaíne a dhéanamh. Suiteáladh saothair choimisiúnaithe i gcuid de na scéimeanna tithíochta agus moladh d'ealaíontóirí dul i gcomhairle le muintir na gceantar sin.

Ba é ceann de na tograí ba shuimiúla ná ceann a rinneadh d'Foirgneamh SHARE ar Shráid Grattan. Bhí an foirgneamh mar chuid de scéim tithíochta do dhaoine aosta. Rinne an t-ealaíontóir James Scanlon sraith de 11 fhuinneog dhaite ar stíl theibí don fhoirgneamh. Ba é an chéad saothar ealaíne nár dhealbh é a ndearna an scéim Aon Faoin gCéad don Ealaín maoiniú air (fíor 2.57, fíor 2.58).

Bionn Comhairle Cathrach Chorcaí fós ag baint leas as an scéim Aon Faoin gCéad don Ealaín chun tacú le tionscadail éagsúla ealaíne. Saothair shealadacha is ea mórán díobh, ar nós tionscadail a rinneadh in 2002: tugadh *Daylighting the*

*City (Solas an Lae sa Chathair)* air agus cuireadh grianghraif mhóra ar chláir fógraí phoiblí agus ar bhallaí foirgnimh phoiblí mar chuid den tionscadal. Cuireadh roinnt dealbha buana suíomhoiriúnaithe in airde sa chathair chomh maith faoin scéim Aon Faoin gCéad don Ealaín.

## Páirc Mhic Gearailt i gCorcaigh

Tá thart ar 18 n-acra de ghairdíní tírdhreachaithe i bPáirc Mhic Gearailt agus is suíomh iontach í don bhailiúchán suntasach dealbh atá inti. Tosaíodh ar na dealbha a bhailiú go luath sa 20ú haois agus leanann siad ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann.

## Taispeántais Idirnáisiúnta

Chuir an tArdmhéara Edward Fitzgerald moladh chun cinn ag cruinniú de Bhardas Chorcaí in 1901 go dtionólfai Taispeántas Idirnáisiúnta i gCorcaigh.

Cheannaigh Coiste an Taispeántais teach agus talamh ar a tugadh *The Shrubberies* in aice le Siúlán na Muirdíge agus fuair siad léas ar talamh in aice láimhe le haghaidh an taispeántais. Tionóladh an taispeántas i mBealtaine 1902. I measc na rudaí a bhí ar taispeántas bhí halla tionsclaíoch agus halla innealra, chomh maith le Ceoláras Mór agus an Fánán Mór Uisce ar an abhainn.

D'éirigh go maith leis an taispeántas agus tionóladh arís é an bhliain dár gcionn. Ba é buaicphointe an taispeántais an uair úd ná gur tháinig Rí Éadbhard VII agus an Bhanríon Alexandra ann ar cuairt.





**FIOR 2.59** Pailliún an Uachtaráin agus an Ardmhéara, An Teach Tae, Páirc Mhic Gearailt, Corcaigh

### Bronnadh na dtailte ar phobal Chorcaí

Cuireadh foirgnimh shealadacha in airde le haghaidh an taispeántais agus baineadh anuas iad i ndiaidh an taispeántais cé is moite de cheann amháin. Bronnadh an teach agus na tailte a bhain leis ar phobal Chorcaí mar áit spraoi agus aeraíochta agus tugadh Páirc Mhic Ghearrailt uirthi.

Tá cuid de na foirgnimh a bhain le Taispeántas 1903 fós i bPáirc Mhic Gearailt: Pailliún an Uachtaráin agus an Ardmhéara, teach a dtugtar an Teach Tae air fós (fíor 2.59), agus Scairdeán an Athar Maitiú.

### Dealbha

- **Adam agus Eve (Ádhamh agus Éabha)** le Edward Delaney – Tá ceann beag ar na dealbha aisteacha teibí seo agus tá uigeachtaí éagsúla ina gcorp. Seasann siad d'fhear agus do bhean.
- **Boy with a boat (Garsún agus Bád)** le Joseph Higgins – D'fhreastail Joseph Higgins ar ranganna oíche ag Scoil Ealaíne Crawford. Aithníodh bua an dealbhóra a bheith ann gan mhoill agus bhuaigh sé roinnt mhaith gradam. Tá seans ann gur spreag saothar Rodin an stíl a bhí aige chun cré a mhúnlú. Ach toisc nár thaistil Higgins riamh lasmuigh d'Éirinn, caithfidh sé gur fhoghlaim sé faoi shaothar Rodin in irisí ealaíne agus i leabhair. Múinteoir ba ea é, ach lean sé air ag péinteáil agus ag dealbhóireacht. Ba iad na cuspaí a bhíodh aige go minic ná a chuid páistí agus a chuid daoine muinteartha féin. Bunaíodh an teilgeán cré-umha *Buachaill agus Bád* (fíor 2.60) ar a nia. Tháinig eitinn air agus fuair sé bás in 1925 nuair nach raibh sé ach 39 bliain d'aois. Níor tugadh coimisiún dó riamh agus ní dhearnadh teilgean d'aon saothar leis le linn a shaoil.
- **Dreamline (Fíor Taibhrimh)** le Seamus Murphy – Duine mór i saol na healaíne i gCorcaigh agus pearsa tábhachtach i stair ealaíne na hÉireann sa 20ú haois ba ea é Seamus Murphy. Dealbhóir traidisiúnta ba ea é agus ba é



**FIOR 2.60** BOY WITH A BOAT (*Buachaill agus Bád*), Joseph Higgins, Páirc Mhic Gearailt, Co. Chorcaí



**FIOR 2.61** DREAMLINE (*Fíor Taibhrimh*), Seamus Murphy, Páirc Mhic Gearailt, Co. Chorcaí



an aolchloch an meán a d'úsáid sé den chuid is mó. Rinne sé réimse éagsúla saothar idir dhealbha reiligiúnacha, portráidí, plaiceanna cuimhneacháin, leachtanna poiblí, leaca uaighe, agus crosta. Ina measc sin tá *Fíor Taibhrimh* (fíor 2.61).

- *Little Dancer (Damhsóir Beag)* le hOisín Kelly – Dealbh chré-umha is ea é *Damhsóir Beag* agus is dealbh amháin í de shraith cháiliúil le Kelly atá bunaithe ar théama na gluaiseachta. Tá gluaiseacht agus rithim an damhsa Ghaelaigh le brath i bhfoirm shimplí na deilbhe; tá lámha an damhsóra lena taobh agus tá a haird uile ar na céimeanna casta. Tá cosa beaga tanai ar an damhsóir faoi mar a bheadh cipíní ann, rud a fhágann cuma éadrom aerach uirthi. Tá a cuid gruaige á séideadh ag an ngaoth agus shamlófá go n-imeodh sí léi nóiméad ar bith ag damhsa isteach sa choill atá laistiar di.

## Dealbha i gComhthéacs

Is in 1985 a tháinig an coincheap chun cinn in Éirinn go gcuirfí dealbha ar taispeántas in áiteanna seachas na gailearaithe mar a mbíodh siad ar taispeántas de ghnáth. Tharla sé nuair a tháinig grúpa dealbhóirí as Baile Átha Cliath le chéile chun láthair taispeántais a chur ar fáil do dhealbhoirí eile. D'éirigh go hiontach leis an bhfiontar sin thar na blianta.



Fíor 2.62 Dealbh – Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath



Fíor 2.63 Dealbh – Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath

Cuireadh Dealbha i gComhthéacs ar siúl ag na hionaid seo a leanas: Gairdíní Chnoc na Raithní, Óstán Conrad, Príosún Chill Mhaighneann, Foras Bainistíochta na hÉireann, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Teach Farmleigh, agus Garraithe Náisiúnta na Lus i nGlas Naíon. Moladh na taispeántais go hard. Gach bliain tugtar cuireadh do phainéal éagsúil moltóirí chun moltóireacht a dhéanamh ar an taispeántas oscailte seo, agus dá dheasca sin, bíonn meascán spreagúil ann ó thaobh stíleanna agus meáin na ndealbh (fíor 2.62, fíor 2.63).

Ó 2002 anall, tionóladh an taispeántas gach bliain i Meán Fómhair i nGarraithe Náisiúnta na Lus. Tearmann aoibhinn shuaimhneach is ea é an t-ionad sin agus bíonn scoth na ndealbh le dealbhóirí mór le rá as Éirinn agus as áiteanna thar lear ann. Bíonn breis agus céad dealbh ar taispeántas ar fud na ngairdíní agus na linnte, iad déanta as ábhair éagsúla. Bíonn saothair níos lú ar taispeántas sa ghailearaí atá os cionn na hoifige fáilte.

## Conairí agus páirceanna dealbh

Ceann de na rudaí is spreagúla agus is suimiúla atá ag teacht chun cinn maidir leis an ealaín phoiblí ná na dealbha atáthar a chur i bpáirceanna poiblí. Deartar na páirceanna go tuisceanach agus cruthaítear dealbha atá in oiriúint don timpeallacht lena gcur iontu. Tá samplaí le feiceáil i gcoillte Chontae Chill Mhantáin, ar an gcósta garbh i dtuaisceart Chontae Mhaigh Eo agus i bportaigh Lár na Tíre i measc áiteanna eile.

### Coillearnach Chontae Chill Mhantáin

Tá Dealbha na Coillearnaí lonnaithe i gceantar álainn i gCoill an Ghleanna Mhóir, Áth na Fuinseoige, Contae Chill Mhantáin. Tá bailiúchán ar leith de dhealbha comhaimseartha le healaíontóirí as Éirinn agus as áiteanna thar lear le feiceáil ann.

#### An choillearnach

Is le Coillte í Coill an Ghleanna Mhóir agus tá sí ar oscailt don phobal. Tá carrchlós agus áiseanna picnice ann agus tá conair éagsúla tríd an gcoill. Tá idir chrainn dhúchasacha agus chrainn iasachta sa choill. Tá níos mó crann leathanduilleach á gcur sa ghleann le blianta beaga anuas agus tá crainn leathanduilleacha curtha ar tuairim is 13 faoin gcéad den ghleann, anois.

#### Béim ar an adhmaid

Cuireadh an tionscadal Dealbha na Coillearnaí ar bun in 1994 ar mhaithe le cultúr adhmaid a chothú agus chun aird a tharraingt ar an adhmaid mar mheán ealaíne agus mar ábhar feidhmeach. Oireann dealbha go maith do thimpeallacht na coille. Bíonn na healaíontóirí in ann ealaín a dhéanamh den tírdhreach féin agus úsáid a bhaint as a bhfuil ag fás timpeall orthu. Is ábhar inathnuaithe é an t-adhmaid, fásfaidh pé ábhar a thógann siad ón gcoill ar ais. Is féidir adhmaid a athchúrsáil nó a athúsáid freisin agus is féidir le dealbhoirí saothar a dhéanamh as adhmaid a tugadh ón bhforaois go dtí muileann sábhadoireachta, nó go dtí ceardlann agus é a thabhairt ar ais go dtí an suíomh lena mbaineann sé.

Ábhar ilfheidhme is ea adhmaid chomh maith agus is féidir bailchríocha éagsúla a chur air. Murab ionann agus ábhar eile – cruach, cré-umha, cloch nó plaisteach, mar shampla – bíonn airí agus tréithe ar leith ag baint le gach cineál crainn agus le gach crann féin, agus fiú le codanna éagsúla de chrann ar leith. Dá bhrí sin, ní hionann aon dá phíosa adhmaid, fiú más ón gcrann céanna féin iad.

#### Ealaín choillearnaí

Nuair a bhíonn ealaín phoiblí i gceist bíonn tábhacht ar leith le comhpháirtíocht idir an t-ealaíontóir agus daoine eile, go háirithe i dtimpeallacht choillearnaí. Ar na daoine sin a bhíonn páirteach bíonn innealtóirí, foraoiseoirí, eolaithe adhmaid, ailtirí, saoir adhmaid, dearthóirí tírdhreacha agus úinéir na coillearnaí go háirithe, Coillte. Tá bá ag gach duine atá páirteach san fhiontar seo leis an nGleann Mór agus leis an



**FIOR 2.64 NA SEACHT SCRÍNÉ**, Kat O'Brien, An Gleann Mór, Co. Chill Mhantáin

tírdhreach leithleach sin a bhfuil idir lámh an nádúir agus lámh an duine le feiceáil ann.

Roghnaíodh an ceantar mar ionad do Dhealbha Coillearnaí toisc go bhfuil oidhreacht shaibhir aige ó thaobh na staire, na healaíne agus an nádúir de. Uisce a rinne an gleann de réir a chéile le linn na hoighearaíse nuair a bhí na hoighearsrutha ag leá, agus tá eas san áit a dtagann Abhainn Fheartraí isteach sa ghleann.

#### Saothair Bhuana

Tugadh coimisiún d'ealaíontóirí ar bhonn bliantúil agus thug siad faoin dúshlán le héirí le samhlaíocht. Bhain siad úsáid as stáiceanna móra cruinne adhmaid, as adhmaid sáfa agus as adhmaid lannach. Go dtí seo, tá 13 dhealbha bhuana le healaíontóirí as Éirinn agus as áiteanna thar lear (ó thíortha mar an tSeapáin, an Laitvia, an Phortaingéil, Ceanada agus an Fhrainc) suite sa Ghleann Mór.

#### Na dealbha

Mar chuid den bhailiúchán tá saothair leis na healaíontóirí seo a leanas:

- **Kat O'Brien (Ceanada)** – *Na Seacht Scrínte* (fíor 2.64). Rinneadh an dealbh seo as adhmaid éagsúla in 1996. Tá comóradh á dhéanamh sa saothar seo ar na seacht nglúin de mhná a saolaíodh ó thús an Ghorta Mhóir. Tá diamhracht na coille le brath sna scrínte. Seachas mórán follasach a dhéanamh ar laochanna móra le rá, tá an diamhaireacht sin ag tabhairt ar an té a fheiceann iad athmhachnamh ar an saol a chaith seacht nglúin de dhaoine nár thuill cáil ar pháirc an chatha.





FÍOR 2.65 CHAGO, Jacques Bosser, An Gleann Mór, Co. Chill Mhantáin

50

- **Jacques Bosser (An Fhrainc) – Chago (fíor 2.65)** Seo mar a mhínigh an t-ealaíontóir an saothar: 'I lár na foraoise san Afraic tá na drumaí á mbualadh, tá an t-aer lán le deatach agus lasracha tine sa spéir. Tagann Chago, dia na tine, ina dhiaidh bíonn tamhain mhóra chrann agus iad dubh folamh dóite. Ceapa adhartha is ea iad na tamhain adhmaid sin. Cuireann muintir na háite piosaí miotail isteach iontu chun na déithe a shásamh agus iarrann siad achainí.'
- **Michael Warren (Éire) – Antaeus (fíor 2.66)**. As poibleog agus as learóg a rinneadh an saothar seo in 1998. Deir Warren: 'Fathach de chuid na Sean-Gréagach ba é Antaeus. Fuair sé a neart ón talamh. Níorbh fhéidir é a chloí chomh fada agus a bhí ball éigin dá chorp buailte ar an talamh. Tá an píosa suite díreach in aice leis an mbealach isteach go dtí an choill. Tá trí chuid ingearacha ann a thrasnaíonn an bóthar faoi mar a bheadh áirse ann ach í iompaithe bunoscionn.'
- **Michael Bulfin (Éire) – Time Alone is Changeless (Níl Aon Ní Nach mBeireann an tAm Air)** As giúis Dhúghlais agus



FÍOR 2.66 ANTAEUS, Michael Warren, An Gleann Mór, Co. Chill Mhantáin

cloch a rinneadh an saothar seo in 1999. Deir Bulfin: 'B'íonn na carraigeacha á sionchaitheamh go dtí go ndéantar ithir dóibh. Cuireann plandaí fréamhacha síos san ithir agus cothaíonn sí iad. Is iad na crainn na plandaí is mó agus is faide a mhaireann sa ghleann. Teist ar chothú na hithreach is ea iad mar go nglacann siad iontu cothaithigh atá san ithir. Déantar claochlú ar gach rud le haimsir. Níl aon ní nach mbeireann an t-am air'. Tá suim ag Bulfin san ealain phoiblí, go háirithe san ealaín shuíomhoiriúnaithe agus i ndealbhoireacht na talún. Ó tá cur amach agus taithí aige i réimse na heolaíochta, bíonn cur chuige ar leith aige tabhairt faoi réimsí dealbhoireachta mar seo.

- **Eileen Mac Donagh (Ireland) – Into the Dark (Isteach sa Diamhair)** Rinneadh an dealbh seo as labhras in 2000. Deir Mac Donagh, 'Is é a spreag mé chun smaoineamh ar an dealbh seo ná radharc a chonaic mé blianta ó shin i gcoill sa tSeapáin. Bhí na céadta de lomáin ghearra agus iad cruachta in aghaidh a chéile ina sraitheanna idir na crainn. Bhí patrúin iontacha ann. Choinnigh mé cuimhne ar an radharc sin agus d'athraigh mé é chun an idirghníomhaíocht ealaíne seo a dhéanamh ar feadh 10 m Os cionn conair cois abhann. Ba é an labhras an cineál adhmaid ab fhearr don saothar seo, bíonn patrúin nádúrtha fáis ann. Ina theannta sin b'éigean é a ghlanadh amach ó cheantair áirithe san fhóraois, áit a raibh dlús an

labhraís ag coimeád plandaí eile faoi chois.’ Rugadh Mac Donagh i Sligeach agus tá sí ag obair mar dhealbhoir ó thús na 1980idí.

## An cósta garbh i dtuaisceart Mhaigh Eo

### Tír Sáile, Co. Mhaigh Eo

I dtuaisceart Mhaigh Eo a bhí ceann de na tionscadail ealaíne phoiblí ba mhó a cuireadh ar siúl in Éirinn riamh. Tá cáil ar an gceantar as an méid tuamaí clochaoise agus feirmeacha Neoiliteacha atá ann. Thángthas ar na feirmeacha Neoiliteacha tamall de bhlianta ó shin faoin bportach domhain atá ina bhrat anuas ar an gceantar. Rinneadh Tír Sáile, is é sin Conair Dhealbh Mhaigh Eo Thuaidh, chun an taobh tíre stairiúil sin a cheiliúradh ar bhealach nua-aimseartha. Is conair de dhealbha buana í a ghabhann ó Inbhear na Muaidhe go dtí an Muirthead.

### Achaidh Chéide

Tá suíomh Neoiliteach breis is 5,000 bliain d’aois in Achaidh Chéide agus is ann atá ceann de na córais pháirceanna is sine ar domhan. Is nuair a aimsíodh an suíomh sin a tosáíodh ag smaoineamh ar Chonair na nDealbh a fhorbairt. Ar na dreamanna a bhí páirteach san fhiontar bhí grúpaí pobail a bhí ag obair i gcomhar lena chéile, gníomhaireachtaí rialtais, agus páirtithe leasmhara eile. Ina measc sin bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo, Acmhainní Ghleann na Muaidhe, Cumann Dealbhóirí na hÉireann agus Údarás na Gaeltachta (gníomhaireacht réigiúnach stáit atá freagrach as forbairt gheilleagrach, shóisialta, agus chultúrtha na Gaeltachta).

### Conair ealaíne ar an gcósta

Cuireadh na dealbha in áirde i rith 1993, an bhliain ar cuireadh an fhéile chultúrtha Maigh Eo 5,000 ar siúl. Féile bliana a bhí ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar an 5,000 bliain de stair agus de chultúr a bhí le feiceáil ar thírdhreach an cheantair ó aimsir na bhfeirmeacha neoiliteacha in Achaidh Chéide go dtí an t-am i láthair. Cuireadh ceithre cinn déag de dhealbha suíomhoiriúnaithe in áiteanna ar an gcósta agus rinneadh láthair taispeántais le haghaidh aoi-dhealbhoirí agus le haghaidh taispeántais shealadacha mar phointe tosaigh na conaire ag sean-Scoil Náisiúnta na gCoillíní gar do Bhéal an Átha.

### Meitheal Mhaigh Eo

Bunaíodh meitheal chun tascanna a bhain leis an gconair a chur i gcrích, rud a bhí ag teacht le nósanna an cheantair i dtuaisceart Mhaigh Eo. Is nós é le fada an lá meitheal oibrithe a thabhairt le chéile nuair a bhíonn rud mór le déanamh. D’oir an cur chuige sin go maith don fhiontar mar bhí sé i gceist go mbeadh dlúthbhaint ag an bpobal

leis na dealbha. Bhí fealsúnacht an mheithil chun tosaigh i ngach gné den Siompóisiam Dealbhóireachta agus bhí sé chun tosaigh chomh maith nuair a bhíothas ag chomhoibriú le muintir na háite, nuair a bhí suíomhanna á mbronnadh orthu idir shuíomhanna poiblí agus suíomhanna príobháideacha, agus nuair a bhíothas ag riar ar na healaíontóirí. Toisc go raibh suim ag na pobail éagsúla sa cheantar sa tionscadal agus iad rannpáirteach ann, cothaíodh dlúthpháirtíocht agus féiniúlacht chomónta agus cuireadh go mór leis an meas a bhí acu ar a n-oidhreacht chultúrtha féin, oidhreacht a mbítear ag cur léi i gcónaí.

### Na dealbha

Ba í príomhaidhm *Tír Sáile* ná comóradh a dhéanamh ar an am atá caite agus ar an am i láthair, agus taispeántas a chruthú don am atá le teacht. Is cinnte gur éirigh leis an tionscadal samhlaíoch ealaíne an sprioc sin a bhaint amach.

Bhí sé riachtanach go ndéanfaí na dealbha as ábhair nádúrtha, ach bhí an iomad rogha ag na healaíontóirí ar chósta garbh thuaisceart Mhaigh Eo maidir le suíomhanna agus dealbha. I measc na suíomhanna sin bhí cairéal nach n-úsáidtear a thuilleadh, páirceanna beaga, dumdha, talamh creagach, agus talamh talmhaíochta.

Tosaíonn Conair na nDealbh i mBéal an Átha agus leanann sé bealach an chósta trí Chill Ala, Baile an Chaisil, Béal Deirg, Béal an Mhuirthead agus síos a fhad leis an bhFód Dubh.

● *Dun Caochain Head (Ceann Dhún Caocháin)*. Tá *Ceann Dhún Caocháin* (fíor 2.67) le Walter Michael (Albain) ag Ceathrú Thaidhg. Tá an dealbh 100 méadar ar fad agus is fearr breathnú air ó bhóthar an chósta in aice láimhe. Rinneadh as cré agus as cloch áitiúil í agus tá sí bunaithe ar fhinscéal áitiúil faoi fhathach a bhí ar leathshuíl. Nuair a bhreathnaítear air ón



FÍOR 2.67 DUN CAOCHAIN HEAD (*Ceann Dhún Caocháin*), Walter Michael, Ceathrú Thaidhg, Tír Sáile, Co. Mhaigh Eo





**Flór 2.68** TEARMANN NA GAOITHE, Alan Counihan, Tír Sáile, Co. Mhaigh Eo

mbealach isteach go dtí an suíomh, feictear an aghaidh fhada agus í gcoibhneas mar is ceart.

- *Tearmann na Gaoithe*. Tá an dealbh seo le Alan Counihan (Baile Átha Cliath) ag Droichead Bhaile Phámar (fíor 2.68). Is éard a spreag é ná an timpeallacht mágtaird. Ba iad na tonnta a bhain agus a thug uathu na clocha sa saothar. Leagadh síos iad chun foscadán nó tearmann a dhéanamh áit a séideann an ghaoth agus a dtránn an fharraige. Baineann sé go dlúth leis an áit.

- *Battling Forces (Comhrac na nDúl)*. Tá an dealbh seo le Fritse Rind (An Danmhairg) 30 méadar ar fad agus tá sí suite ag Ceann Dhún Pádraig, áit a mbíonn an mhuir agus an tír agus neart na síne i gcomhrac lena chéile agus leis an duine daonna. Comhrac na ndúl i bhfoirm deilbhe atá sa saothar.

- *Slí na nÓg*. Rinneadh an dealbh seo ag Crois na Leacan mar chuid de chomhthionscadal idir grúpa daltaí scoile ó Mheánscoil Chrois na Leacan agus mic léinn ó Choláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire. Thug Niall O'Neill, dealbhóir agus léachtóir i nDún Laoghaire, cúnamh do na mic léinn.

52



**Flór 2.69** STRATIFIED SHEEP (*Caoirigh Shrathaithe*), Niall O' Neill, Tír Sáile, Co. Mhaigh Eo

- *Stratified Sheep (Caoirigh Shrathaithe)*. Tá *Caoirigh Shrathaithe* (fíor 2.69) le Niall O'Neill suite ar fheirm do chuairteoirí, Feirm Bhéal an Átha Buí. Rinneadh agus snoíodh iad as leaca gaineamhcloiche agus as leaca eibhir. Tá an srathú ag freagairt do chomhdhéanadh na talún féin agus seasann na caoirigh do chultúr na tuaithe, cultúr atá á fhorbairt leis na mílte bliain.

### Ag cur leis an timpeallacht

Oireann na dealbha go maith d'áilleacht an cheantair agus mar aon le hIonad Léirithe Achaídh Chéide, cuireann siad go mór le hoidhreacht chultúrtha an cheantair. Ó tá an tionscadal lonnaithe i gceann de na háiteanna is imeallaí ar chósta thiar na hÉireann, is fiú aird a thabhairt air. Cuireadh leabhrán agus láithreán gréasáin den scoth ar fáil chun an fhorbairt iontach ealaíne a chuir os comhair an phobail mhóir. Beifear ag súil go meallfaidh sé mórán chun cuairt a thabhairt ar an gceantar.

### Portaigh Lár na Tíre

#### Fearann Páirce Loch na Buaráí

Tá tírdhreach álainn nua i bhfolach i lár na hÉireann, tírdhreach nach raibh puinn eolais air go dtí le déanaí. Tá gnáthóga nua ag teacht ar an tír i laghortaigh Chontae Uíbh Fhailí. Cumasc cruthaitheach de lámh an duine agus den nádúr is ea Fearann Páirce Loch na Buaráí. Bhí an ceantar clúdaithe le portaigh ardaithe ar feadh 10,000 bliain agus tá tús le ré nua ann anois. Tá móin á baint ag Bord na Móna ar na portaigh ó bhí na 1940idí ann. Tá sos á thabhairt do na portaigh ardaithe anois, áfach, le súil go dtiocfaidh siad chucu féin arís mar ghnáthóga do mhórán flóra agus fána.

Cuireadh tús le tionscadal píolótach ina mbeidh 80,000 heicteár de laghortach i gceist in 11 chontae agus i dtí chuíge i Lár na hÉireann. Rinneadh forbairt ar 2,000 heicteár den phortach agus táthar tar éis gnáthóga éagsúla a chruthú ann a bheidh oiriúnach do réimse leathan de ghníomhaíochtaí allamuigh agus atá in oiriúnt dá dtimpeallacht.

Tá roinnt de na saothair is nuálaí in Éirinn ó thaobh na dealbhóireachta timpeallachta agus dealbhóireacht na talún de suite sna portaigh iontacha sin agus i limistéar fiáin an fhiadhúlra. Tá oidhreacht shaibhir sna portaigh sin idir nádúr agus chúlra tionsclaíoch na háite. Bhí an oidhreacht sin ina ábhar spreagtha ag na healaíontóirí agus na dealbha móra á ndéanamh acu. Tá na dealbha sin anois mar chuid de bhailiúchán buan an Fhearainn Pháirce.

Baineadh leas as ábhair thionsclaíocha a fágadh sna portaigh chun dealbha iontacha a dhéanamh: innill a tréigeadh, bóithre iarnróid, adhmaid agus clocha. Faoi mar a athraíonn rudaí in imeacht aimsire agus faoi mar a athraíonn an dúlra le himeacht na séasúir, tháinig athrú ar chuid de na dealbha. D'athraigh an dath a bhí orthu nó thosaigh plandaí ag fás astu, amhail is gur chuid den tírdhreach iad.



**FIOR 2.70 RUAILLE BUAILLE**, Patrick Dougherty, Fearann Páirce Loch na Buaráí, Co. Uíbh Fhailí

## Dealbha Ruaille Buaille

Dealbh shuíomhoiriúnaithe shuaithinseach le Patrick Dougherty is ea *Ruaille Buaille* (fior 2.70). Rinne sé an dealbh le linn tréimhse chónaitheachta trí seachtaine a chaith sé le *Dealbha san Fhearann Páirce*. Ba é an timpeallacht áitiúil a spreag é chun an dealbh a dhéanamh as ábhair nádúrtha a fuarthas sa cheantar. Bronnadh Gradam Ó *Chnó go hÉalaín* de chuid Allianz ar Bhord na Móna as an gcomhpháirtíocht leanúnach atá acu le *Dealbha san Fhearann Páirce* agus le hOifig Ealaíne Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus as an obair a dhéanann siad i gcomhar le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann. Ba é an gradam sin a chuir ar a gcumas tréimhse chónaitheachta a chur ar fáil.

Is é a dúirt an t-ealaíontóir faoin dealbh, 'Is é atá beartaithe agam ná go mbeidh gluaiseacht agus fórsaí an nádúir le sonrú ann agus go bhféadfaidh duine siúl tríd. Beidh an saothar ealaíne níos airde ná na crainn fearna sa choilleog agus beidh hallaí agus seomraí cuara dualacha ann. Beidh sé ar cheann de na saothair is mó atá déanta agam go dtí seo.' Bhí seisear ealaíontóirí áitiúla ag obair go lán-aimseartha chun cabhrú leis an saothar a thógáil. Bhí oibrithe deonacha pobail páirteach ann chomh maith agus úsáideadh breis agus 10 dtonna de shlata sailí.

## Córas 30

Tá an dealbh seo le Julian Wild mar chuid de shraith saothar ar a dtugtar *Systems (Córais)*. Tosaíodh ar an tsraith in 2003 agus san áireamh tá dealbha, ealaín suiteála, ealaín líníochta, agus tionscadail d'ealaín phoiblí.

Bhailigh Wild píosaí dramh-mhiotail thar thréimhse dhá bhliain ó cheardlanna Bhord na Móna i Loch na Buaráí le haghaidh *System 30 (Córas 30)* (fior 2.71). Ba gheall le hobair sheandálaíochta an próiseas, dar leis go bhfuil scéal ag gach



**FIOR 2.71 SYSTEM 30 (Córas 30)**, Julian Wild, Fearann Páirce Loch na Buaráí, Co. Uíbh Fhailí

seanfhiacail agus ag gach píosa miotail faoi oidhreacht shaibhir thionsclaíoch an tsuímh. Rinne sé dramhphíosai de vaigíní móna agus d'innealra gearrtha a tháthú le chéile chun dealbh 18 m ar fad a thógáil i gcanáil. Is é a bhí i gceist leis an bpíosa spráitil samhlaíoch ná go mbeadh an díosca mar a bheadh cloch ann agus í ag scimeáil agus ag snámh feadh bharr na canála.

## Sonas

Saothar le Marianna Jørgensen is ea *Happiness (Sonas)* (fior 2.72). Ghearr an t-ealaíontóir an focal *happiness* i mbarritheir na móna duibhe. Rinneadh í a ghearradh de lámh ar an seanmhodh, agus gearradh é go han-domhain sa mhóin chun go mbeadh an téacs chomh greanta soiléir agus ab fhéidir. Léiríonn an focal scríofa go mbíonn an duine ag tnúth leis an sonas. Tá béim ar leochaileacht an tsonais mar go ndearnadh an focal as ábhar a bhíonn ag síor-athrú de dheasca na haimsire agus na gaoithe agus go bhfuil an baol ann go ligfear i ndearmad é.



**FIOR 2.72 HAPPINESS (Sonas)**, Marianna Jørgensen, Fearann Páirce Loch na Buaráí, Co. Uíbh Fhailí

## Tionscnamh Dealbh na hInise

Tá gradam buaite ag Tionscnamh Dealbh na hInise mar is eiseamláir den chomhpháirtíocht idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí é. Tá an tionscnamh





**Fíor 2.73** A FISHY TALE (*Scéal Éisc*), Carmel Doherty, Conair Dhealbh na hInise, Co. an Chláir

ag freagairt go díreach do na hathruithe iomadúla atá tar éis teacht ar bhaile bríomhar na hInise. Tá mórán tacaíocht agus cúnamh faighte aige go háitiúil chomh maith. Shuiteáil Tionscnamh Dealbh na hInise mórán dealbh faoi bhrúach na habhann in Inis agus chuir siad troscán sráide i lár an bhaile chomh maith. Tá mórán dealbha éagsúla ar chonair na ndealbh: dealbha a léiríonn imeachtaí cultúrtha, imeachtaí stairiúla agus imeachtaí spóirt, chomh maith le píosáí níos teibí.

### Scéal Éisc

Dhear Carmel Doherty iasc aolchloiche (fíor 2.73) atá ag léim as an uisce. Dúirt sí gur theastaigh uaithi go mbeadh bailchríoch mhín snasta ar an gcloch amhail is dá mbeadh sí fluich.

### Cuimhne agus Tábhacht

Rinne Barry Wrafter agus Colin Grehan ceiliúradh ar bhua an Chláir i gCluiche Ceannais Iomána na hÉireann in 1995 (fíor 2.74) tar éis 80 bliain gan an bua a thabhairt leo. Rinneadh an dealbh as aolchloch Éireannach agus tá trí chloch ann atá níos airde ná duine. Tá ceann greanta ar bharr dhá cheann de na clocha, agus seasann siad don sean agus don nua. Ar an gcloch sa lár, tá beirt iománaithe ag léim in airde chun breith ar an sliotar. Is léiriú é sin den chomhrac atá i gcroí an chluiche.

### Conclúid

Tá an ealaín phoiblí thart timpeall orainn i bhfoirmeacha éagsúla. Go minic bíonn ceangal idir cineálacha éagsúla ealaíne, agus cé nach léir i gcónaí an ceangal atá eatarthu ó thaobh téamaí nó coincheapa de, is fiú go mór tuilleadh eolais a fháil amach faoi shaothair a cruthaíodh go speisialta dúinne mar bhaill den phobal.



**Fíor 2.74** ALL IRELAND FINAL OF 1995 (*Cluiche Ceannais Iomána na hÉireann 1995*), Barry Wrafter agus Colin Grehan, Conair Dhealbh na hInise

**Ceisteanna**

1. Céard iad na fadhbanna a bhíonn ag ealaíontóirí agus dealbh phoiblí á dearadh acu?
2. Cé dó a ndéantar dealbh phoiblí? Don ealaíontóir? Don phobal? Nó dóibh siúd a bhfuil a ndóthain léinn orthu chun í a thuiscint?
3. Céard é an scéim 'Aon Faoin gCéad don Ealaín'?
4. Cad is brí leis an téarma 'suíomhoiriúnaithe'?
5. Ainmnigh roinnt dealbh a scríosadh in Éirinn.
6. Cén fáth, i do thuairim, an raibh an oiread fuatha ar na saothair ealaíne sin?
7. Céard a chaithfidh ealaíontóir a chur san áireamh agus dealbh cois bóthair á dearadh aige?

**Aiste**

1. Déan plé ar an tslí a dtógann an pobal cion nó fuath do dhealbh phoiblí, faoi mar a tharla go sonrach i gcás na deilbhe a rinne Eilís O' Connell i gCionn tSáile. Déan comparáid idir an tslí a roghnaíodh an dealbh sin agus an comórtas a reáchtáladh chun dealbh a roghnú agus a chur ag stad an Luas ag Ospidéal San Séamas i mBaile Átha Cliath. Mol dealbh a d'oirfeadh d'áit phoiblí i do cheantarsa agus déan cur síos ar an gcur chuige a bheadh agat chun a chinntiú go mbeadh glacadh ag an bpobal áitiúil léi. Déan sceitsí den dealbh.
2. Cén fiúntas a bhaineann le dealbha cois bóthair, dar leat? Déan plé ar cheann nó dhó a fheiceann tú go rialta agus tabhair tuairim orthu.
3. Tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin [www.publicart.ie](http://www.publicart.ie). Lean an nasc go dtí Eolaire na hEalaíne Poiblí ar an láithreán agus breathnaigh ar an ealaín phoiblí ar fad atá cláraithe ann. Roghnaigh píosa ealaíne sealadach a thaitníonn leat agus déan plé air. Ceap togra chun píosa sealadach den chineál céanna a chur ar taispeáint i láthair de do roghasa. Déan cur síos mion ar an gcur chuige a bheadh agat agus an saothar a chruthú agus ar an meán a d'úsáidfeá. Déan tagairt d'fhoirmeacha eile ealaíne a d'fhéadfá a nascadh leis, mínigh na cinntí a dhéanann tú agus luaigh cén áit a gheofa maoiniú. Déan sceitsí má oireann siad.
4. Tá sé ag éirí coitianta anois go gcuirtear dealbha i bportaigh, i gcoillearnach agus i suíomhanna eile faoin tír. Pléigh an nós sin agus déan plé ar cé chomh hoiriúnach is atá na hábhair a úsáidtear i dtionscadail mar sin. Déan plé ar phíosa nó dhó atá mar chuid de thionscadal ar thug tú cuairt air nó a bhfuil cur amach agat air de bharr do chuid staidéir. Mol ceantar gar duit féin a bhféadfai leas a bhaint as scéim den chineál sin ann agus dear saothar a bheadh oiriúnach dó, dar leat. Déan sceitseanna.
5. Samhlaigh gur iarradh ort grúpa a threorú ar thuras siúil de dhealbha Bhaile Átha Cliath, nó i mbaile nó i gcathair eile a bhfuil cur amach agat air nó uirthi. Tabhair sonraí faoi na saothair a roghnófa agus tarraing aird an ghrúpa ar ghnéithe conspóideacha a bhaineann leis na saothair sin, chomh maith le dea-ghnéithe.



#### **Staidéar ar phictiúr daite**

1. Tá *An Capall Mór* le Tighe O'Donohue i gContae Chiarraí (fíor 2.7 agus fíor 2.8) agus *Beirt Fhear Oibre* le hOisín Kelly (fíor 2.55 agus fíor 2.56) ar dhá shaothar d'ealaín phoiblí a thaitníonn leis an bpobal. Scrúdaigh na saothair sin agus pléigh na fáthanna a bhfuil an oiread dúile ag tiománaithe agus ag pobal Chathair Chorcaí sna saothair sin agus saothair eile mar iad, i do thuairim.
2. Deirtear faoi *Na Naoimh agus na hOllaimh* le Maurice Harmon (fíor 2.14) gur sainchomhartha tíre de chuid Chontae Uíbh Fhailí é. Déan plé ar an tslí a dtéann an saothar sin i bhfeidhm ar an duine a bhíonn ag féachaint air. Déan cur síos ar stíl an tsaothair, ar na hábhair a úsáideadh agus ar na coincheapa a spreag an t-ealaíontóir. Cuir an saothar sin i gcomparáid agus i gcodarsnacht le saothar eile leis an ealaíontóir céanna. Conas a rachadh na saothair sin i bhfeidhm ar dhaoine nach raibh suim ná tuiscint acu ar shaothair ealaíne cheana féin, i do thuairim?
3. Scrúdaigh *Gorta* (fíor 2.46) agus *Forógra* (fíor 2.50) le Rowan Gillespie i mBaile Átha Cliath agus déan plé ar an tslí a dtéann na saothair sin i bhfeidhm ar an duine a fheiceann iad. Agus tú ag déanamh comparáide eatarthu, tabhair do d'aire na difríochtaí bunúsacha stíle agus coincheapa a bhaineann le saothair mar iad. Tabhair cuntas ginearálta ar an ealaíontóir agus ar a chuid saothar agus déan tagairt de shaothar a rinne sé lasmuigh d'Éirinn mar chuid de do fhreagra.